2024/1710

20.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1710 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meitheamh 2024

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Saniswiss H2O2' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2017 chuir Saniswiss SA iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]) le haghaidh údarú Aontais na fine céanna táirgí bithicídeacha, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar 'Saniswiss H2O2', de chineál táirge 2, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-JG029784-36 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. Léirigh an t-iarratas freisin cás-uimhir na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'Oxy'Pharm H_2O_2' a údaraíodh ina dhiaidh sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1764 ón gCoimisiún ([3]) agus atá taifeadta sa chlár sin faoi chás-uimhir BC-HC029658-43.

(2) Is í sárocsaíd hidrigine an tsubstaint ghníomhach san fhine táirgí bithicídeacha 'Saniswiss H2O2', ar substaint í a airítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineál táirge 2.

(3) An 29 Samhain 2022, chuir an Ghníomhaireacht tuairim uaithi ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe na dtáirgí bithicídeacha le haghaidh 'Saniswiss H2O2' i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013.

(4) Sa tuairim uaithi, tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach bhfuil sna difríochtaí a bheartaítear idir an fhine táirgí bithicídeacha 'Saniswiss H2O2' agus an fhine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Oxy'Pharm H_2O_2' ach faisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([5]), agus ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfine táirgí bithicídeacha tagartha ghaolmhar 'Oxy'Pharm H_2O_2' agus faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe na dtáirgí bithicídeacha, go gcomhlíonann an fhine táirgí bithicídeacha 'Saniswiss H2O2' na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(6) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) An 6 Feabhra 2024, rinne an Ghníomhaireacht an achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe na dtáirgí bithicídeacha atá ag 'Saniswiss H2O2' i dteangacha oifigiúla uile an Aontais a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1764 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Oxy'Pharm H2O2' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 225, 13.9.2023, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1764/oj).

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 29 Samhain 2022 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'Saniswiss H2O2', https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(6) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'Saniswiss H2O2'.

(7) Ba cheart dáta éaga an údaraithe a bheith ailínithe le dáta éaga údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'Oxy'Pharm H_2O_2'.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0030024-0000 do Saniswiss SA chun an fhine táirgí bithicídeacha 'Saniswiss H2O2' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 10 Iúil 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE HAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

Saniswiss H2O2

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Uimhir an údaraithe EU-0030024-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0030024-0000

Cuid I.

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	Saniswiss H2O2

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Saniswiss SA
	Seoladh	Route de Frontenex 41A 1207 Geneva CH
Uimhir an údaraithe	EU-0030024-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0030024-0000	
Dáta an údaraithe	an 10 Iúil 2024	
Dáta éaga an údaraithe	30 September 2033	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Saniswiss SA
Seoladh an mhonaróra	Chemin des Tulipiers 19 1208 Geneva An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Rue Marcel Paul, 829, 94500 Champigny-sur-Marne France

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Resource Efficiency GmbH
Seoladh an mhonaróra	Rellinghauser Straße 1—11 45128 Essen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Resource Efficiency GmbH site 1 Evonik Industries AG / BL Active Oxygens, Untere Kanalstrasse 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	6 - 12 % (w/w)
Airgead		Substaint neamhgh-níomhach	7440-22-4	231-131-3	0,0017 - 0,0017 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Cuid II.

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

MEITEA-SPC 1

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Saniswiss H2O2 6%

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	6 - 6 % (w/w)
Airgead		Substaint neamhgh-níomhach	7440-22-4	231-131-3	0,0017 - 0,0017 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha.
Ráitis réamhchúraim	P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith súilchosaint. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle. P501: Diúscair ábhar i i mball bailithe dramhaíola nó contúirte de réir rialacháin náisiúnta. P501: Diúscair coimeádán i i mball bailithe dramhaíola nó contúirte de réir rialacháin náisiúnta..

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Úsáid #1.1: Dífghalrú dromchla crua le Ceofhuarú Sárocsaíd Hidrigine (FHP) 6%

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -

	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Tuberculosis bacilli Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú seomra trí cheo-chóireáil sárocsaíd hidrigine (FHP) do sheomraí le toirt idir 4-150 m^3. Is éard atá i gceist leis ná díghalrú dromchlaí crua neamhphóiriúla de threalaimh agus ábhair (gan gléasanna leighis san áireamh) atá i láthair sa tseomra cóireáilte: — Ospidéil & clinicí, — saotharlanna taighde agus anailíse (saotharlanna P3 agus seomraí bána san áireamh), — iompar cúram sláinte, — tionscal cógaisíochta, — neachtlanna tionsclaíocha, — máinliacht fiaclóireachta agus ionaid ionchlannaithe, — óstáin, — scoileanna, — naíolanna lae.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Ceofhuarú Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Is táirge réidh le húsáid é an táirge a chuirtear sa ghléas. Déanann an gléas seo ceofhuarú an táirge bithcidal go huathoibríoch, sa spás/seomra dúnta atá le díghalrú, gan aon úsáideoir nó féachadóir taobh istigh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: — Gníomhaíocht bhaictéiricídeach, ghiosta, fhungaicídeach, eitinn agus fhrithvíreas: Am teagmhála 5 ml táirge/m^3 agus 2 uair an chloig. Bain úsáid an dara huair ag táirge 5 ml/m^3 agus 2 uair an chloig am teagmhála. Tarlaíonn an dara úsáid díreach tar éis an chéad cheann. Is féidir an dá úsáid a dhéanamh chun go ndéanfaí iad go seicheamhach. Méid braoiníne: 1-15 µm Caolú (%): - Airí uainithe: Díghalraigh seomraí agus trealamh chomh minic agus is féidir de réir an prótacal sláinteachais atá in áit.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil

Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	1) Poileitiléin ard-dlúis PEAD, buidéal bán (neamh-trédhearcach) de 1 lítear le caipín scriú díghásúcháin. 2) PEAD, buidéal liath (neamh-trédhearcach) aonúsáide de 2 lítear. 3) PEAD, canna breosla bán (neamh-trédhearcach) de 5 lítear (pacáistiú athlíonta). 4) HDPE, canna breosla bán (neamh-trédhearcach) de 20 lítear.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Is gá dromchlaí a ghlanadh roimh dhíghalrú. Tá an táirge réidh le húsáid agus ba chóir é a úsáid gan caolú. Tá an táirge deartha le haghaidh trealaimh cosúil le Nocospray/Bio-sanitizer/Sanofog/Nocomax/Nocomax Easy/Glosair. Léigh na treoracha roimh úsáide. Bain úsáid de réir na bprótacal seo a leanas:

— Gníomhaíocht bhaictéiricídeach, ghiosta, fhungaicídeach, eitinn agus fhrithvíreas: Am teagmhála 5 ml táirge/m^3 agus 2 uair an chloig. Bain úsáid an dara huair ag táirge 5 ml/m^3 agus 2 uair an chloig am teagmhála.

  Tarlaíonn an dara úsáid díreach tar éis an chéad cheann. Is féidir an dá úsáid a dhéanamh chun go ndéanfaí iad go seicheamhach.

Méid braoiníne: 1-15 µm

Bogthaise coibhneasta: 25% - 75%

Teocht: teocht an tseomra

Bí aireach ar an chomhairle maidir le ham teagmhála. Tosaíonn an t-am teagmhála nuair a bhíonn an méid riachtanach táirge i láthair sa tseomra.

Déanfaidh an t-úsáideoir bailíochtú micribhitheolaíoch i gcónaí ar an díghalrú sna seomraí atá le díghalrú (nó i "seomra caighdeánach" oiriúnach, más cuí) leis na gléasanna atá le húsáid ina dhiaidh sin ar féidir prótacal chun na seomraí seo a dhíghalrú agus a úsáid ina dhiaidh sin.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Tabhair faoi deara na treoracha ginearálta lena n-úsáid den Meta SPC seo.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Garchabhair

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine gan chosaint in ann slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I GCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN GCRAICEANN: Nigh craiceann le huisce. Má tharlaíonn siomptóim glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I GCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean ort ag sruthlú ar feadh 5 nóim. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Má tharlaíonn siomptóim glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Éifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla

— Déanfaidh sé greannú súl tromchúiseach

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Tabhair faoi deara na treoracha ginearálta lena n-úsáid den Meta SPC seo.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Tabhair faoi deara na treoracha ginearálta lena n-úsáid den Meta SPC seo.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

-

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Le linn an idirleata, coinnigh an seomra dúnta agus ná gabh isteach. Ba chóir cóireáil a dhéanamh gan aon duine ná ainmhithe a bheith i láthair.

Ba chóir gach bearna sa tseomra (m.sh. frámaí fuinneoige) ón áit a bhféadfaí ceo a sceitheadh a shéalú roimh scaipthe.

Cinntigh go séantar rochtain ar an áit a chóireáiltear le ceofhuarú le linn an gnáthamh le comhartha rabhaidh.

Ní féidir dul isteach chuig áiteanna cóireáilte go dtí go mbíonn an tiúchan sárocsaíd hidrigine ≤ 0,9 ppm (1,25 mg/m3) nó luach tagartha náisiúnta cuí níos lú.

Ní féidir leis an úsáideoir proifisiúnta dul isteach sa tseomra ach i gcásanna éigeandála nuair a thiteann an leibhéal sárocsaíd hidrigine faoi 36ppm (50 mg/m³) agus iad ag caitheamh an Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) riachtanach seo a leanas: trealamh Cosanta Riospráide rangaithe faoi EN 14387 nó a mhacasamhail le Fachtóir Cosanta Sannta (FCS) 40 (Cineál TCR le dearbhú ag an sealbhóir údaraithe in eolas an táirge) agus trealamh cosanta oiriúnach (lámhainní rangaithe faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a mhacasamhail, cosaint súl le Caighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a mhacasamhail, forchóta). Lámhainní agus ábhar fhorchóta le dearbhú ag an sealbhóir údaraithe in eolas an táirge, Tabhair faoi deara rannóg 6 do theidil iomláin de na caighdeáin ENBa cheart gléas tomhais a úsáid chun a chinntiú go bhfuil tiúchan sárocsaíd hidrigine laghdaithe faoi 0.9 ppm nó nó luach tagartha náisiúnta cuí níos lú,

Ní féidir le hainmhithe/daoine gan trealamh cosanta dul isteach arís chuig an seomra cóireála go dtí go laghdaíonn an tiúchan sárocsaíd hidrigine san aer go dtí faoi 1,25 mg/m3 (0,9 ppm) nó luach tagartha náisiúnta cuí níos lú.

Trealamh cosanta pearsanta:

Caith gloiní cosanta i gcomhréir le Caighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a mhacasamhail le linn an táirge a mheascadh agus a luchtú chuig an bpacáistiú/coimeádán a úsáidtear go díreach sa ghléas ceofhuaraithe (mar shampla Nocospray, Bio-sanitizer, Sanofog, Nocomax nó Nocomax Easy).

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

-

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, déan scrios ar an táirge neamhúsáidte agus an pacáistiú de réir riachtanais áitiúla. Is féidir táirge úsáidte a shruthlú chuig an séarachas bardasach nó a thabhairt chuig an charn aoiligh ag brath ar riachtanais áitiúla. Seachain scaoileadh chuig ionad cóireála fuíolluisce aonair.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

— Seilfré: 2 bhliain.

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Déantar liosta thíos de theidil iomlán na gcaighdeán EN luaite i rannóg 5.2:

EN 374 – Gloiní cosanta i gcoinne ceimiceáin chontúirteacha agus miocrorgánaigh.

EN ISO 16321 – Cosaint súl agus aghaidhe d'úsáid cheirde.

EN 14387 - Feistí cosanta riospráide – scagaire(í) gáis agus comhscagaire(í) – Riachtanais, tastáil, marcáil.

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/ trádainmneacha	Sanitizer Automate P		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0030024-0001 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	6
Airgead		Substaint neamhghníom-hach	7440-22-4	231-131-3	0,0017

MEITEA-SPC 2

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Saniswiss H2O2 12%

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	12 - 12 % (w/w)
Airgead		Substaint neamhghníom-hach	7440-22-4	231-131-3	0,0017 - 0,0017 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P220: Coimeád amach ó éadaí nó ábhair indóite eile. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith súilchosaint. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHIÚCHÁIN. P310: Cuir glao láithreach ar dochtúir. P501: Diúscair ábhar i i mball bailithe dramhaíola nó contúirte de réir rialacháin náisiúnta.. P501: Diúscair coimeádán i i mball bailithe dramhaíola nó contúirte de réir rialacháin náisiúnta..

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Úsáid #2.1: Dífghalrú dromchla crua le Ceofhuarú Sárocsaíd Hidrigine (FHP) 12%

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: spóir baictéarach Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Tuberculosis bacilli Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú seomra le FHP do sheomraí le toirt idir 4-150 m^3. Is éard atá i gceist leis ná díghalrú dromchlaí crua neamhphóiriúla de threalaimh agus ábhair (gan gléasanna leighis san áireamh) atá i láthair sa tseomra cóireáilte: — Ospidéil & clinicí, — saotharlanna taighde agus anailíse (saotharlanna P3 agus seomraí bána san áireamh), — iompar cúram sláinte, — tionscal cógaisíochta, — neachtlanna tionsclaíocha, — máinliacht fiaclóireachta agus ionaid ionchlannaithe, — óstáin, — scoileanna, — naíolanna lae.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: fogging Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Is táirge réidh le húsáid é an táirge a chuirtear sa ghléas. Déanann an gléas seo ceofhuarú an táirge bithcidal go huathoibríoch, sa spás/seomra dúnta atá le díghalrú, gan aon úsáideoir nó féachadóir taobh istigh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: — Gníomhaíocht bhaictéiricídeach, ghiosta, fhungaicídeach, fhríthspórach agus fhrithvíreas: Am teagmhála 3 ml táirge/m^3 agus 2 uair an chloig. Bain úsáid an dara uair ag táirge 3 ml/m^3 agus am teagmhála 2 uair an chloig.

	— Gníomhaíocht eitinn: Am teagmhála 5 ml táirge/m^3 agus 2 uair an chloig. Bain úsáid an dara uair ag táirge 3 ml/m^3 agus am teagmhála 2 uair an chloig. Tarlaíonn an dara úsáid díreach tar éis an chéad cheann. Is féidir an dá úsáid a dhéanamh chun go ndéanfaí iad go seicheamhach. Méid braoiníne: 1-15 µm Caolú (%): - Airí uainithe: Díghalraigh seomraí agus trealamh chomh minic agus is féidir de réir an prótacal sláinteachais atá in áit.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	1) PEAD, buidéal bán (neamh-trédhearcach) de 1 lítear le caipín scriú díghásúcháin. 2) PEAD, buidéal liath (neamh-trédhearcach) aonúsáide de 2 lítear. 3) PEAD, canna breosla bán (neamh-trédhearcach) de 5 lítear (pacáistiú athlíonta). 4) HDPE, canna breosla bán (neamh-trédhearcach) de 20 lítear.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Is gá dromchlaí a ghlanadh roimh dhíghalrú. Tá an táirge réidh le húsáid agus ba chóir é a úsáid gan caolú. Tá an táirge deartha le haghaidh trealaimh mar Nocospray/Bio-sanitizer/Sanofog/Nocomax/Nocomax Easy/Glosair. Léigh na treoracha roimh úsáide. Bain úsáid de réir na bprótacal seo a leanas:

— Gníomhaíocht bhaictéiricídeach, ghiosta, fhungaicídeach, fhríthspórach agus fhrithvíreas: Am teagmhála 3 ml táirge/m^3 agus 2 uair an chloig. Bain úsáid an dara uair ag táirge 3 ml/m^3 agus am teagmhála 2 uair an chloig.

— Gníomhaíocht eitinn: Am teagmhála 5 ml táirge/m^3 agus 2 uair an chloig. Bain úsáid an dara uair ag táirge 3 ml/m^3 agus am teagmhála 2 uair an chloig.

Tarlaíonn an dara úsáid díreach tar éis an chéad cheann. Is féidir an dá úsáid a dhéanamh chun go ndéanfaí iad go seicheamhach.

Méid braoiníne: 1-15 µm

Bogthaise coibhneasta: 25% - 75%

Teocht: teocht an tseomra

Bí aireach ar an am teagmhála. Tosaíonn an t-am teagmhála nuair a bhíonn an méid riachtanach táirge i láthair sa tseomra.

Déanfaidh an t-úsáideoir bailíochtú micribhitheolaíoch i gcónaí ar an díghalrú sna seomraí atá le díghalrú (nó i "seomra caighdeánach" oiriúnach, más cuí) leis na gléasanna atá le húsáid ina dhiaidh sin ar féidir prótacal chun na seomraí seo a dhíghalrú agus a úsáid ina dhiaidh sin.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Tabhair faoi deara na treoracha ginearálta lena n-úsáid den Meta SPC seo.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Garchabhair

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine gan chosaint in ann slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

I GCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN GCRAICEANN: Nigh an craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin bain gach éadach éillithe agus nigh roimh athúsáid. Lean ort ag ní an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóim. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Má tharlaíonn siomptóim glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I GCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóim. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean ort ag sruthlú ar feadh 15 nóim ar a laghad. Glaoigh ar 112/ otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Éifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla

— Déanfaidh sé greannú súl tromchúiseach

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Tabhair faoi deara na treoracha ginearálta lena n-úsáid den Meta SPC seo.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Tabhair faoi deara na treoracha ginearálta lena n-úsáid den Meta SPC seo.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

-

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Le linn an idirleata, coinnigh an seomra dúnta agus ná gabh isteach. Ba chóir cóireáil a dhéanamh gan aon duine ná ainmhithe a bheith i láthair.

Ba chóir gach bearna sa tseomra (m.sh. frámaí fuinneoige) ón áit a bhféadfaí ceo a sceitheadh a shéalú roimh scaipthe.

Cinntigh go séantar rochtain ar an áit a chóireáiltear le ceofhuarú le linn an gnáthamh le comhartha rabhaidh.

Ní féidir dul isteach chuig áiteanna cóireáilte go dtí go mbíonn an tiúchan sárocsaíd hidrigine ≤ 0,9 ppm (1,25 mg/ m^3) nó luach tagartha náisiúnta cuí níos lú.

Ní féidir leis an úsáideoir proifisiúnta dul isteach sa tseomra ach i gcásanna éigeandála nuair a thiteann an leibhéal sárocsaíd hidrigine faoi 36ppm (50 mg/m^3) agus iad ag caitheamh an Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) riachtanach seo a leanas: trealamh Cosanta Riospráide rangaithe faoi EN 14387 nó a mhacasamhail le Fachtóir Cosanta Sannta (FCS) 40 (Cineál TCR le dearbhú ag an sealbhóir údaraithe in eolas an táirge) agus trealamh cosanta oiriúnach (lámhainní rangaithe faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a mhacasamhail, cosaint súl le Caighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a mhacasamhail, forchóta). Lámhainní agus ábhar fhorchóta le dearbhú ag an sealbhóir údaraithe in eolas an táirge, Tabhair faoi deara rannóg 6 do theidil iomláin de na caighdeáin ENBa cheart gléas tomhais a úsáid chun a chinntiú go bhfuil tiúchan sárocsaíd hidrigine laghdaithe faoi 0.9 ppm nó nó luach tagartha náisiúnta cuí níos lú,

Ní féidir le hainmhithe/daoine gan trealamh cosanta dul isteach arís chuig an seomra cóireála go dtí go laghdaíonn an tiúchan sárocsaíd hidrigine san aer go dtí faoi 1,25 mg/m^3 (0,9 ppm) nó luach tagartha náisiúnta cuí níos lú.

Trealamh cosanta pearsanta:

Caith gloiní cosanta i gcomhréir le Caighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a mhacasamhail le linn an táirge a mheascadh agus a luchtú chuig an bpacáistiú/coimeádán a úsáidtear go díreach sa ghléas ceofhuaraithe (mar shampla Nocospray, Bio-sanitizer, Sanofog, Nocomax nó Nocomax Easy).

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

-

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, déan scrios ar an táirge neamhúsáidte agus an pacáistiú de réir riachtanais áitiúla. Is féidir táirge úsáidte a shruthlú chuig an séarachas bardasach nó a thabhairt chuig an charn aoiligh ag brath ar riachtanais áitiúla. Seachain scaoileadh chuig ionad cóireála fuíolluisce aonair.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

— Seilfré: 2 bhliain.

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Déantar liosta thíos de theidil iomlán na gcaighdeán EN luaite i rannóg 5.2:

EN 374 – Gloiní cosanta i gcoinne ceimiceáin chontúirteacha agus miocrorgánaigh.

EN ISO 16321 – Cosaint súl agus aghaidhe d'úsáid cheirde.

EN 14387 - Feistí cosanta riospráide – scagaire(í) gáis agus comhscagaire(í) – Riachtanais, tastáil, marcáil.

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 2**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Sanitizer Automate C		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0030024-0002 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	12
Airgead		Substaint neamhghníomhach	7440-22-4	231-131-3	0,0017